**Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi lóistín**

**Bileog 3.1 agus Bileog 3.2**

- Scaip **Bileog 3.1** ar an rang agus tabhair seans do gach beirt na focail a phlé le chéile sula gcuireann tú an téip ar siúl. Bí cinnte go bhfuil brí na bhfocal ag gach duine sula gcuireann tú an téip ar siúl.
- Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad agus ansin cuir an téip ar siúl faoi dhó don rang.
- Tabhair seans do gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléann tusa na ceisteanna leis na foghlaimeoirí ar fad.
-  Ansin eagraigh an plé ar an ngramadach: *Fúm* – Forainm réamhfhoclach – *fúm, fút, faoi, fúithi, fúinn, fúibh, fúthu*.
-  Cuir gach beirt le chéile arís. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag caitheamh súil siar ar an stór focal atá foghlamtha acu go dtí seo faoi cheantair. Tá an comhrá ann le cuidiú leo amháin, ba cheart go mbeadh siad in ann labhairt le chéile agus cur leis an chomhrá samplach seo.

- Scaip **Bileog 3.2** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Abair leo sealanna a ghlacadh an píosa a léamh amach os ard, ag glacadh abairt an duine. Ansin tabhair seans dóibh an cheist a phlé le chéile.
- Léigh thusa an píosa leis an rang uilig, ag cur béime ar fhuaimniú na bhfocal.
- Mínigh dóibh go mbeidh gach beirt ag déanamh píosa beag cainte ar ball beag, ach ar dtús go mbeidh siad ag féachaint ar na focail sna boscaí le cuidiú leo. Bí cinnte go dtuigeann siad gach focal agus go bhfuil a fhios acu cén cineál focail iad.

  *1. Briathra* *2. Aidiachtaí* *3. Ainmfhocail*

- Tabhair tamall dóibh ansin píosa maith cainte a dhéanamh faoi na háiteanna a raibh siad ina gcónaí iontu.
-  Tá aon bhriathar déag neamhrialta sa Ghaeilge. Cuir ceist ar gach duine sa rang an dóigh a bhfoghlaimíonn siad na briathra agus tabhair treoir dóibh fúthu.

**Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi theach**

**Bileog 3.3, Bileog 3.4A agus 3.4B**

- Scaip **Bileog 3.3** ar an rang agus tabhair seans do gach beirt na focail a phlé le chéile. Téigh thusa siar ar na focail leis an rang iomlán le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Tabhair seans dóibh ansin na focail a bhfuil línte fúthu a chur san uimhir iolra. Mínigh dóibh go bhfuil rialacha ann a bhaineann leis an uimhir iolra ach go bhfuil cuid mhór eisceachtaí ann, agus mar sin caithfidh siad a sheiceáil san fhoclóir muna bhfuil siad cinnte.

  *teach* - *tithe*
  *árasán* - *árasáin*
  *gairdín* - *gairdíní*

© Ollscoil Mhá Nuad

*garáiste* - *garáistí*
*bloc* - *bloic*
*eastát* - *eastáit*

- Léigh fríd na ceisteanna *Cá bhfuil tú ag cur fút?, Cá bhfuil tú i do chónaí?, Cén cineál tí atá agat?*. Pléigh brí na n-abairtí leo. Tabhair seans do gach beirt ceann de na ceisteanna a chur ar a chéile.
- Cuir gach triúr ag obair le chéile agus tabhair tamall dóibh ceisteanna a chumadh do na habairtí. Tá an cleachtadh seo dúshlánach go leor agus mar sin beidh treoir chinnte ag teastáil.

| | |
|---|---|
| *Cén cineál tí atá agat?* | Árasán atá ann. |
| *An teach leathscoite é?* | Ní hea, teach scoite atá ann. |
| *An bhfuil sé mór?* | Tá sé mór go leor. |
| *An bhfuil gairdín mór ann?* | Tá gairdín breá mór ann. |
| *Cé mhéad seomra codlata atá ann?* | Tá trí sheomra codlata ann. |
| *An bhfuil na comharsana go deas?* | Tá. Tá na comharsana go deas. |
| *An maith leat do cheantar?* | Is maith liom an ceantar go mór! |

- Nuair atá na ceisteanna agus freagraí pléite ag an rang iarr orthu ansin siúl timpeall an ranga ag labhairt le gach duine le fáil amach cén cineál áite a bhfuil siad ina gcónaí ann.
- Má tá deichniúr sa rang mar shampla, b'fhéidir go mbeadh a gcuid boscaí mar seo:

| Teach scoite | Teach leathscoite | Árasán | Eile |
|---|---|---|---|
| 4 | 2 | 3 | 1 (teach feirme) |

- Déan cóip de **Bhileog 3.4 – Duine A** do leath an ranga agus cóip de **Bhileog 3.4 – Duine B** don leath eile - má tá 12 sa rang mar sin, déan 6 chóip den dá bhileog.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair **Bileog 3.4 – Duine A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 3.4 – Duine B** don duine eile.
- Níl cead acu féachaint ar bhileog an duine eile. Is rún é!
- Mínigh dóibh go bhfuil orthu ceisteanna a chur ar a chéile faoin teach atá ag an duine eile sa phictiúr. Ní féidir ach freagraí gonta, 'yes/no' a thabhairt, mar shampla:

| | |
|---|---|
| *An teach scoite é?* | *Is ea/Ní hea* |
| *An teach dhá stór é?* | *Is ea/Ní hea* |
| *An bhfuil sé faoin tuath?* | *Tá/Níl* |
| *An bhfuil gairdín mór ann?* | *Tá/Níl* |

- Abair leo chomh maith go mbeidh siad ag scríobh cuntas gairid ar theach an duine eile agus mar sin gur fearr dóibh cúpla pointe faoin teach sin a scríobh síos le cuidiú leo an cuntas a scríobh.
- Nuair atá siad réidh abair leo na bileoga a thaispeáint dá chéile le feiceáil an bhfuil an cuntas a scríobh siad cosúil leis na pictiúir.
- Iarr ar chúpla duine sa rang a gcuntais a léamh amach os ard.

**Feidhm:** **Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi lóistín/áit chónaithe**

**Bileog 3.5**

- Scaip **Bileog 3.5** ar an rang agus cuir gach triúr le chéile.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh plé ar ball agus ag cur tuairimí in iúl faoi na háiteanna a bhfuil siad ina gcónaí iontu.
-  Iarr orthu ar dtús áfach, súil siar a chaitheamh ar na bealaí éagsúla atá foghlamtha acu le tuairimí dearfacha agus diúltacha a chur in iúl. Féach ar na samplaí seo:

Diúltach ( - ) ⟷ Dearfach ( + )

| | | |
|---|---|---|
| *Ní maith liom é ar chor ar bith.* | *Ceart go leor.* | *Is breá liom é.* |
| *Is fuath liom é.* | *Níl caill air.* | *Is maith liom é.* |
| *Is beag orm é.* | *Go measartha.* | *Tá dúil agam ann.* |

- Téigh siar ar na smaointe a bhí ag an rang iomlán agus scríobh na samplaí ar fad ar an chlár dubh.
- Ansin abair leo na habairtí sa bhosca a léamh le chéile.
- Cuir thusa ceist ar chúpla duine sa rang an bhfuil siad sásta lena n-áiteanna cónaithe.
- Iarr orthu ansin a bheith ag obair ina ngrúpaí de thriúr le plé a dhéanamh ar a n-áiteanna cónaithe.
- Tá orthu ansin cuntas gairid a scríobh faoi áit chónaithe dhuine den triúr.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na cuntais a mhalartú agus a léamh agus iarr ar chúpla duine iad a léamh amach os ard.

**Feidhm:** **Ag ainmniú na seomraí sa teach agus na rudaí éagsúla atá le fáil sa teach**

**Bileog 3.6, Bileog 3.7A agus Bileog 3.7B**

- Scaip **Bileog 3.6** ar an rang agus cuir gach beirt le chéile.
- Abair leo na ceisteanna a fhreagairt. Seo thíos na freagraí:

  **Ceist 1:**
  *Seomra suí*
  *Cistin*
  *Halla*
  *Paitió*
  *Seomra folctha*

  **Ceist 2:**
  *Seomra codlata*
  *Seomra bia*
  *Seomra staidéir*

*Áiléar*
*Íoslach*
*Garáiste*
*Seomra cluichí*

*Leabhragán*
*Teallach*
*Inneall níocháin*
*Niteoir soithí*
*Guthán*

- Tabhair seans dóibh ansin labhairt faoina dtithe féin. Bí tú féin thart ag éisteacht leis na comhráite. Má shíleann tú go bhfuil tuilleadh cleachtaidh a dhíth orthu le rudaí a chomhaireamh déan plé arís ar an gceist seo. Bain úsáid as an ainmfhocal 'seomra' leis an chleachtadh a dhéanamh:

*Seomra amháin*
*Dhá sheomra*
*Trí – sé sheomra*
*Seacht – deich seomra*
*Aon seomra dhéag*
*Dhá sheomra dhéag*
*Trí sheomra dhéag . . . etc.*

- Mínigh dóibh go mbíonn séimhiú ar an fhocal **déag** nuair a leanann sé ainmfhocal a chríochnaíonn le guta (ach is eisceachtaí iad na hainmfhocail *bliain*, *uair* agus *seachtain* sa chás seo).
- Ag a dheireadh iarr orthu na hainmfhocail a chur san uimhir iolra:

| | |
|---|---|
| *1. fuinneog* | *fuinneoga* |
| *2. urlár* | *urláir* |
| *3. teilifíseán* | *teilifíseáin* |
| *4. cófra* | *cófraí* |
| *5. cathaoir uilleach* | *cathaoireacha uilleacha* |
| *6. lampa* | *lampaí* |
| *7. cuirtíní* | |
| *8. leaba* | *leapacha* |
| *9. doras* | *doirse* |
| *10.tolg* | *toilg* |
| *11.sorn* | *soirn* |
| *12.doirteal* | *doirtil* |
| *13.reoiteoir* | *reoiteoirí* |
| *14.leithreas* | *leithris* |
| *15.cithfholcadh* | *cithfholcthaí* |

- Mínigh dóibh go mbíonn cuid mhór eisceachtaí leis an uimhir iolra d'ainmfhocail agus go bhfuil sé ríthábhachtach seiceáil san fhoclóir mura bhfuil siad lánchinnte. É sin ráite áfach, tá rialacha ann agus seo cuid díobh:




*Fuinneoga – cuirtear* a *le –eog agus –óg.*


*Urláir - caolaítear focail a chríochnaíonn le consan leathan.*
*Cófraí – cuirtear í le focail a chríochnaíonn le guta leathan.*
*Doirtil – athraíonn focail a chríochnaíonn le –eal go dtí –il.*
*Leithreas - athraíonn focail a chríochnaíonn le –eas go dtí –is.*

- Déan cóip de **Bhileog 3.7 – Duine A** do leath an ranga agus cóip de **Bhileog 3.7 – Duine B** don leath eile - má tá 12 sa rang mar sin, déan 6 chóip den dá bhileog.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair **Bileog 3.7 – Duine A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 3.7 – Duine B** don duine eile.
- Níl cead acu féachaint ar bhileog an duine eile. Is rún é!
- Mínigh do na foghlaimeoirí gur 'aimsigh na difríochtaí' atá ann agus go bhfuil sé dhifríocht idir na pictiúir.
- Tabhair tamall dóibh féachaint ar an dá chiorcal leis na ceisteanna agus leis an stór focal sula dtosaíonn siad.
- Ansin abair leo ceisteanna a chur ar a chéile go dtí go n-aimsíonn siad na difríochtaí:

1. *Tá trí ghásfháinne i bpictiúr A agus ceithre cinn i bpictiúr B.*
2. *Tá buidéal amháin i bpictiúr A agus dhá cheann i bpictiúr B.*
3. *Tá plocóid amháin i bpictiúr A agus dhá phlocóid i bpictiúr B.*
4. *Tá lámha ar chófra amháin in easnamh i bpictiúr A agus níl i bpictiúr B.*
5. *Níl cat sa bhascaed i bpictiúr A agus tá i bpictiúr B.*
6. *Níl nótaí ar bith greamaithe den reoiteoir i bpictiúr A agus tá nótaí greamaithe den reoiteoir i bpictiúr B.*

- Iarr ar dhaoine éagsúla na difríochtaí a rá os comhair an ranga.
- Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.
- Ag a dheireadh iarr orthu an Ghaeilge a fháil do na hainmfhocail ag bun an leathanaigh.



scuab ghruaige
siosúr
cíor
scuab fiacla
taos fiacla
gallúnach
rásúr
cumhrán

**Feidhm: Ag labhairt faoi rudaí atá le déanamh sa teach nó sa ghairdín**

**Bileog 3.8 agus Bileog 3.9**

- Scaip **Bileog 3.8** ar an rang agus cuir gach beirt le chéile.
- Abair leo abairtí a chumadh bunaithe ar na pictiúir agus na focail sna boscaí.
- Bí cinnte go míníonn tú dóibh go gcaithfidh siad (a) cinneadh a dhéanamh an t-alt a chur leis an ainmfhocal nó gan agus (b) tús an ainmfhocail a athrú, más gá.

© Ollscoil Mhá Nuad

- Iarr orthu ansin na habairtí céanna a rá ar bhealach eile bunaithe ar an struchtúr atá sa chearnóg. Seo thíos an dá bhealach leis na habairtí a rá:

  *Caithfidh mé plandaí a chur/Tá plandaí le cur agam.*
  *Caithfidh mé an díon a dheisiú/Tá an díon le deisiú agam.*
  *Caithfidh mé an teach a phéinteáil/Tá an teach le péinteáil agam.*
  *Caithfidh mé an cófra a dheisiú/Tá an cófra le deisiú agam.*
  *Caithfidh mé an t-urlár a ní/Tá an t-urlár le ní agam.*
  *Caithfidh mé inneall níocháin a cheannach/Tá inneall níocháin le ceannach agam.*
  *Caithfidh mé soithí a cheannach/Tá soithí le ceannach agam.*
  *Caithfidh mé sconsa?f a thógáil/Tá sconsa le tógáil agam.*

- Tabhair seans do na foghlaimeoirí ansin labhairt faoi na rudaí atá le déanamh acu féin ag an deireadh seachtaine. Bí tú féin thart ar eagla nach bhfuil an Ghaeilge acu ar fhocail áirithe.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le Seán Mac Gearailt ag rá cad iad na rudaí ar fad atá le déanamh aige féin ina theach úr.
- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad liosta a dhéanamh dá bhfuil le déanamh aige.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus iarr ar dhaoine éagsúla a rá leat cad atá le déanamh aige.
- Cuir an téip ar siúl arís más gá.

- Scaip **Bileog 3.9** ar an rang agus cuir gach beirt le chéile.
- Léigh tríd na treoracha go maith leo agus bí cinnte go dtuigeann siad cad é ábhar an ailt. Abair leo go bhfuil tuilleadh eolais ar fáil ar www.udaras.ie
- Tabhair seans do na foghlaimeoirí na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla ar dheis sula léann siad an t-alt. Cuideoidh na focail seo leo ábhar an ailt a thuiscint níos fearr.
- Iarr ar gach beirt sealanna a ghlacadh chun an píosa a léamh amach os ard.

Cuir béim ar an phointe nach bhfuil tú ag iarraidh orthu féachaint ar an ghluais ag an phointe seo, gur mhaith leat go bhfaigheadh siad an *gist* ar dtús.
Ansin, abair leo féachaint ar an ghluais agus an píosa a léamh arís.

- Scríobh na ceisteanna a leanas ar an chlár dubh agus iarr ar gach beirt nó triúr iad a phlé le chéile.

  1. *An raibh tú riamh sa Ghaeltacht?*
  2. *Cad iad na bagairtí is mó ar an nGaeilge sna ceantair Ghaeltachta, i do thuairim?*

- Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad. Téigh siar ar stór focal ar bith a tháinig chun cinn le linn na cainte.

Má bhíonn an t-am, d'fhéadfá na ceisteanna seo thíos a chur ar an rang. Is é atá i gceist anseo ná aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar na scileanna foghlama atá acu agus plé a dhéanamh air seo.

**An raibh an t-alt seo deacair?**
**Cad é an modh is fearr duitse píosa mar sin a léamh agus a thuiscint?**
**Pléigh an scéal leis na daoine in aice leat.**